



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2018
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0179 (COD)

9357/18
ADD 2

EF 146
ECOFIN 493
CODEC 862
ENV 352

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	24 Bealtaine 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2018) 265 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí inbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2016/2341 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le tagarmharcanna ísealcharbóin agus tagarmharcanna do thionchar dearfach carbóin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 265 final.

Faoi iamh: SWD(2018) 265 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.5.2018
SWD(2018) 265 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nochtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí inbhuanaithe agus rioscaí inbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2016/2341

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le tagarmharcanna ísealcharbóin agus tagarmharcanna do thionchar dearfach carbóin

{COM(2018) 353 final} - {SEC(2018) 257 final} - {SWD(2018) 264 final} -
{COM(2018) 354 final} - {COM(2018) 355 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin
Measúnú tionchair ar Mhaoiniú Inbhuanaithe
A. An gá atá le beart
Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?
Roghnaigh rialtais ó gach cearn den domhan bealach níos inbhuanaithe don phláinéad agus don gheilleagar trí chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide a ghlacadh agus trí Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a ghlacadh. Tá an tAontas Eorpach amach chun tosaigh ina leith sin, agus dá bhrí sin ghlac sé i mí an Mhárta 2018 Plean Gníomhaíochta um Fhás Inbhuanaithe, a bhfuil sé ina chuspóir leis (i) sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíochtaí inbhuanaithe, (ii) bainistiú a dhéanamh ar rioscaí airgeadais a eascraíonn as dúshlán chomhshaoil, agus (iii) trédhearcacht agus meon fadtéarmach a chothú i leith gníomhaíocht airgeadais agus eacnamaíoch. Tá na bearta a ndearnadh measúnú orthu sa mheasúnú tionchair seo agus a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta seo ina gcodanna de straitéis níos leithne agus níos forleithne chun geilleagar na hEorpa a dhéanamh fíor-inbhuanaithe. Rannchuideoidh siad le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta trí dhul i ngleic leis na fadhbanna seo a leanas: 1. tá easpa dreasachtaí ann d'infheisteoirí institiúideacha, bainisteoirí sócmhainní, comhairleoirí infheistíochta agus dáileoirí árachais ("na heintitis ábhartha") chun breithniú a dhéanamh ar thosca Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR) ina bpróiseas infheistíochta agus comhairleach, go háirithe mar thoradh ar an easpa soiléire agus comhleanúnachais atá i reachtaíocht AE ina leith sin; 2. bíonn ardchostais chuardaigh ar infheisteoirí deiridh a) chun a aithint céard is infheistíochtaí inbhuanaithe ann agus b) chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá tosca CSR comhtháite sna táirgí airgeadais atá ar fáil ar an margadh.
Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?
Is iad cuspóirí sonracha an tionscnaimh seo: 1. soiléire agus cur chuige comhleanúnach a áirithiú ar fud earnálacha agus ar fud na mBallstát maidir le comhtháthú tosca CSR ag na heintitis ábhartha ina bpróiseas infheistíochta/comhairleach; 2. cur leis an trédhearcacht i leith infheisteoirí deiridh trí fheabhas a chur ar cheanglais maidir le nochtadh a bhaineann le CSR; 3. soiléire a thabhairt maidir le cad is infheistíochtaí inbhuanaithe ann a) trí chreat AE a chruthú ina leagtar amach coinníollacha chun inbhuanaitheacht chomhshaoil infheistíochtaí a chinneadh – bunófar leis an gcóras aicmithe sin atá le cruthú ar leibhéal AE (dá ngairtear tacsanomaíocht freisin) soiléire sa mhargadh maidir le cé na gníomhaíochtaí atá 'glas' nó 'inbhuanaithe', agus b) trí chatagóir nua tagarmharcanna a chruthú i leith tionchar ísealcharbóin agus dea-thionchar i dtaobh carbóin, ar bhonn modheolaíocht stuama, a chabhróidh le hinfeisteoirí lorg carbóin a gcuid infheistíochtaí a chur i gcomparáid le chéile.
Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?
I gcás na n-eintiteas airgeadais a mbeidh tionchar ag an tionscnamh seo orthu, is ag obair ar bhonn trasteorann in AE a bhíonn siad den chuid is mó. Sin é an fáth go bhfuil an reachtaíocht a bhaineann leis na gníomhaithe margaidh sin comhchuibhithe ar leibhéal AE den chuid is mó. Dá bhrí sin, leis an mbeart ar leibhéal AE chun tosca CSR a chomhtháthú ina bpróiseas cinnteoireachta/comhairleach i dtaobh infheistíochtaí, chun cur leis an trédhearcacht i leith infheisteoirí deiridh agus chun soiléire a thabhairt maidir le cad is infheistíochtaí ann atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, áiritheofar comhleanúnachas, laghdófar ilroinnt agus feabhsófar a thuilleadh feidhmiú an mhargaidh aonair. Tá gá le beart ar leibhéal AE chun comhlíonadh a dhéanamh ar chuspóirí comhchoiteanna AE maidir le forbairt inbhuanaithe agus ar na spriocanna inbhuanaitheachta a leagtar síos ar an leibhéal domhanda.

B. Réitigh
Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?
Déantar measúnú ar cheithre bheart leis an measúnú tionchair seo. Tar éis breithniú a dhéanamh, i leith gach ceann díobh, ar roghanna reachtacha agus roghanna neamhreachacha araon, aithníodh na roghanna tosaíochta seo a leanas: 1. Dualgaís na n-infheisteoirí Cheanglófaí ar bhainisteoirí sócmhainní, gnóthais árachais, dáileoirí árachais, cistí pinsean gairme,

comhairleoirí infheistíochta agus bainisteoirí punainne aonair tosca CSR a chomhtháthú sa phróiseas cinnteoireachta agus comhairleach i dtaobh na hinfeistíochta agus mar chuid de na dualgais a bhíonn ar infheisteoirí. Ar an gcaoi sin, chothófaí soiléire agus comhsheasmhacht ar fud an mhargaidh, agus dhéanfaí an inbhuanaitheacht a phríomhshruthú i bpróisis chinnteoireachta agus chomhairleacha infheistíochta na n-institiúidí airgeadais sin, go háirithe i ndáil leis an mbainistíocht riosca a dhéanann siad.

2. Nochtadh

Bheadh ar na heintitis ábhartha a nochtadh conas a chomhlíonann siad na dualgais sin freisin. Ina theannta sin, i gcás na mbainisteoirí sócmhainní agus na hinfeisteoirí institiúideacha sin a mhaíonn go mbíonn cuspóirí inbhuanaitheachta á saothrú acu, níor mhór dóibh a léiriú go bhfuil a gcuid infheistíochtaí ailínithe leis na cuspóirí sin. Chuirfeadh sé sin leis an trédhearcacht i leith infheisteoirí deiridh, d'áiritheofaí leis go mbeadh táirgí inchomparáide, agus dhéanfaí bréagbháúlacht don chomhshaol ('snas glas') a dhíspreagadh.

3. Córas aicmithe aontaithe ('tacsanomaíocht') de chuid AE:

Faoin rogha tosaíochta, leagfaí síos critéir aonfhoirmeacha ar leibhéal AE lena chinneadh an bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Táthar á bheartú go sainaitheandh an Coimisiún ina dhiaidh sin na gníomhaíochtaí a bheidh cáilithe mar chinn inbhuanaithe agus é ag baint leas as comhairle ó ghrúpa saineolaithe teicniúil maidir le maoiniú inbhuanaithe atá á bhunú. Ba cheart go bhfágfadh sé sin go mbeidh soiléire ag gníomhaithe eacnamaíochta agus ag infheisteoirí maidir le cé na gníomhaíochtaí a mheastar a bheith glas/inbhuanaithe chun bonn eolais a chur faoina gcuid cinntí infheistíochta. Is é seo an chéad chéim, agus is céim riachtanach é, sna hiarrachtaí chun infheistíochtaí a threorú chuig gníomhaíochtaí inbhuanaithe.

4. Tagarmharcanna

Faoin rogha tosaíochta, thabharfaí isteach dhá chatagóir nua tagarmharcanna i leith tionchar ísealcharbóin agus dea-thionchar i dtaobh carbóin. Dhéanfaí íoschaighdeán chomhchuibhithe a shainiú don mhodheolaíocht a húsáidfidh chun na tagarmharcanna sin a fhorbairt. Leis sin, chothófaí caighdeán margaidh lena léireofaí lorg carbóin cuideachtaí. Ar an gcaoi sin, beidh uirlis ar féidir brath uirthi ar fáil d'infheisteoirí ar mian leo infheistíocht a dhéanamh i straitéisí ísealcharbóin.

Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

Sna freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí faoi **na dualgais atá ar infheisteoirí** tacaítear tríd is tríd le hidirghabháil ar leibhéal AE toisc go bhfágfadh sí sin go mbeadh comhsheasmhacht agus soiléire ag eintitis airgeadais maidir leis an méid atá ag teastáil. Maidir le **nochtadh**, dhearbhaigh formhór na rannpháirtithe sa mhargadh gur cheart dóibh a nochtadh conas a bhreithníonn siad tosca inbhuanaitheachta laistigh dá gcuid próiseas cinnteoireachta infheistíochta. I gcás fhormhór na bpáirtithe leasmhara a chuir a gcuid tuairimí in iúl don Choimisiún, d'aontaigh siad go mbeadh **tacsanomaíocht** ar leibhéal AE ina cuidiú chun na dualgais atá orthu mar infheisteoirí a chomhlíonadh agus tosca CSR a chur san áireamh ina gcuid próiseas cinnteoireachta infheistíochta.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Trí **chur leis an trédhearcacht fhoriomlán**, fágfaidh na bearta difriúla go **laghdófar neamhshiméadracht na faisnéise** idir infheisteoirí deiridh, idirghabhálaithe airgeadais agus soláthraithe innéacs. Bheadh sé ina thoradh ar an tionscnamh **nach mbeadh an margadh chomh hiiroinnte is atá faoi láthair**, go háirithe ó thaobh modheolaíochtaí chun gníomhaíochtaí/infeistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaitheandh. Leis an trédhearcacht fheabhsaithe agus an comhchuibhiú feabhsaithe sin, **chuirfí le hiontaofacht agus tarraingteacht táirgí airgeadais CSR agus leis an muinín astu** agus chothófaí nuálaíocht i straitéisí infheistíochta agus i ndearadh na dtáirgí airgeadais sin. Cuideoidh na bearta freisin leis an inbhuanaitheacht a phríomhshruthú sa bhainistíocht riosca agus, in éineacht leis na bearta eile atá sa Phlean Gníomhaíochta, beidh sé ina thoradh orthu go mbeidh **borradh faoi mhargadh airgeadais inbhuanaithe na hEorpa**. Tríd is tríd, rannchuideoidh na bearta le hatreorú sreafaí caipitil chuig infheistíochtaí inbhuanaithe agus, dá bhrí sin, leis an gcuspóir atá ann **geilleagar inbhuanaithe a chothú**. Bheadh sé sin ag tacú leis an athrú forleathan ó bhonn chuig an inbhuanaitheacht a bheartaítear leis na beartaí chomhshaoil atá ann cheana féin ar leibhéal AE agus ar leibhéal na mBallstát.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Meastar gur réasúnta teoranta fós a bheidh na costais a bheidh ar na heintitis ábhartha i ndáil le tosca CSR a chomhtháthú sa phróiseas cinnteoireachta agus comhairleach i dtaobh na hinfeistíochta, agus i ndáil le feabhas a chur ar nochtadh a bhaineann le CSR, ach an méid sin a dhéanamh ar bhealach caighdeánaithe. Maidir leis na hinstiúidí airgeadais sin a bhfuil tacsanomaíocht forbartha acu cheana féin, d'fhéadfadh costais a bheith i gceist le tacsanomaíocht AE a úsáid – cé gur dócha go mbeidís siúd ní b'isle ná an spáráil

airgid a d'eascródh as tacsanomaíocht dá gcuid féin a choinneáil ar bun nó úsáid a bhaint as tacsanomaíochtaí éagsúla, agus in aon chás gur lú a bheidís ná na buntáistí a mheastar a bheidh ag gabháil le húsáid na tacsanomaíochta sin. I gcás soláthraithe innéacs, is teoranta iad na costais a ghinfear de bharr catagóirí nua tagarmharcanna a chruthú i leith tionchar ísealcharbóin agus dea-thionchar i dtaobh carbóin, toisc go soláthrófar leis sin íoschaighdeán i leith na modheolaíochtaí chun na tagarmharcanna sin a fhorbairt.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

Faoi na roghanna tosaíochta, imreofar tionchar indíreach ar ghnólachtaí i gcáil eisitheoirí urrús trína spreagadh chun an fhaisnéis bhreise CSR a nochtadh is gá d'idirghabhálaithe airgeadais agus d'infheisteoirí. Ag tosú in 2018, faoin Treoir maidir le nochtadh faisnéise neamhairgeadais, ceanglaítear ar chuideachtaí móra liostaithe agus ar bhainc agus cuideachtaí árachais neamhliostaithe faisnéis ábhartha i leith na inbhuanaitheachta a nochtadh. I gcás eisitheoirí nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin (lena n-áirítear FBManna), beidh costas ag gabháil leis an dreasacht sin chun faisnéis bhreise a nochtadh. Dá ainneoin sin, ba cheart go gcuirfeadh an nochtadh sin ar chumas na n-eisitheoirí sin freisin rochtain a fháil ar infheisteoirí breise agus go bhféadfadh sé go laghdófaí costas caipitil dá bharr.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Meastar nach n-imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta, ar na cúiseanna seo a leanas: (i) go cuid mhór, ní mór gurb iad rannpháirtithe sa mhargadh a chuirfidh chun feidhme na ceanglais reachtacha, agus (ii) beidh na ceanglais faireacháin teoranta.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Rinneadh cur síos ar an mórtionchar cheana sa roinn faoi bhuntáistí.

D. Iarobair

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Tá sé beartaithe go ndéanfar meastóireacht ex-post 5 bliana tar éis na bearta a chur chun feidhme, chun measúnú a dhéanamh ar, i measc rudaí eile, cé chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil a bhí na bearta maidir leis na cuspóirí a chuirtear i láthair sa mheasúnú tionchair seo a bhaint amach agus a chinneadh an bhfuil gá le bearta nó leasuithe nua. Tomhaisfidh an Coimisiún an dul chun cinn trí eochairtháscairí feidhmíochta ginearálta i leith gach birt a chumhdaítear leis an tionscnamh seo.